# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1676 ÓN gCOIMISIÚN

**an 7 Iúil 2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sainmhíniú na gcostas aonaid, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe agus an mhaoinithe nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ag an gCoimisiún leis na Ballstáit**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ([1]), agus go háirithe Airteagail 94(4) agus 95(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhonn úsáid Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus an Chiste um Aistriú Cóir (CUAC) a shimpliú agus an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú, is iomchuí costais aonaid áirithe a shainiú agus méideanna a bhunú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais atá ar fáil chun ranníocaíocht an Aontais le cláir a aisíoc. I gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfar na costais aonaid sin agus na méideanna le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais a úsáid freisin le haghaidh oibríochtaí atá incháilithe faoi CSE+ agus a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

(2) Bunaíodh na costais aonaid atá le haisíoc leis na Ballstáit ar bhonn modh ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe atá bunaithe ar shonraí stairiúla nó staidrimh, dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 94(2) de Rialachán (AE) 2021/1060.

(3) Agus na méideanna á socrú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, d'urramaigh an Coimisiún prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe an prionsabal go bhfuil na hacmhainní a úsáidfear leordhóthanach le haghaidh na n-infheistíochtaí atá á ndéanamh.

(4) Agus na hiarrachtaí breise is gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír á gcur san áireamh, lena n-áirítear dídeanaithe agus daoine a theith ó fhogha na Rúise faoin Úcráin, ba cheart costais aonaid shonracha a bhunú le haghaidh na gcineálacha ábhartha oibríochtaí.

(5) Trí chur chun feidhme na n-oibríochtaí a shimpliú i réimse an oideachais fhoirmiúil, na hoiliúna ar fhostaithe, na hoiliúna ar dhaoine dífhostaithe, ar chuardaitheoirí poist nó ar dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe agus na seirbhísí comhairleoireachta a bhaineann le fostaíocht, rannchuideofar freisin le cur chun feidhme rathúil Bhliain Eorpach na Scileanna.

(6) Agus na gealltanais faoin bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([2]) á n-athdhearbhú le príomhsprioc nua an Aontais do 2030 maidir leis an mbochtaineacht agus leis an gcuimsiú sóisialta, is iomchuí dreasachtaí a éascú agus a chruthú le haghaidh cur chun feidhme oibríochtaí lena gcuidítear leis an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart roghanna costas simplithe agus scéimeanna le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costas a shainiú i gcás oibríochtaí a thairgeann seirbhísí cúraim baile agus pobalbhunaithe agus i gcás oibríochtaí a sholáthraíonn seirbhísí cónaithe agus neamhchónaithe le haghaidh íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus daoine atá thíos leis an easpa dídine go gearrthéarmach nó go fadtéarmach.

(7) Tá difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit maidir le leibhéal na gcostas le haghaidh na gcineálacha oibríochtaí lena mbaineann. I gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, ba cheart leis na méideanna arna mbunú ag an gCoimisiún go léireofaí sainiúlachtaí gach Ballstáit.

([1]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.
([2]) Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta | (europa.eu)

(8) Chun a áirithiú go bhfanfaidh na costais aonaid ina n-athróga ionadacha iomchuí maidir le costais iarbhír a thabhaítear agus go leanfaidh na méideanna le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais de bheith leordhóthanach don infheistíocht atá á déanamh le linn na clárthréimhse, rinneadh foráil maidir le modh coigeartaithe iomchuí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

Leagtar amach san Iarscríbhinn na coinníollacha maidir le haisíoc ranníocaíocht an Aontais le hoibríochtaí CSE+ agus CUAC ar bhonn costais aonaid agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, lena n-áirítear na cineálacha oibríochtaí a chumhdaítear agus na torthaí atá le baint amach nó na coinníollacha atá le comhlíonadh, méid na haisíocaíochta sin agus an modh chun an méid sin a choigeartú.

*Airteagal 2*

**Caiteachas incháilithe**

Na méideanna a ríomhfar ar bhonn an Rialacháin seo, measfar iad mar chaiteachas incháilithe chun Rialachán (AE) 2021/1060 a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht ranníocaíocht an Aontais le cláir i gcomhréir le hAirteagal 94(4) agus le hAirteagal 95(4) de Rialachán (AE) 2021/1060 ar bhonn costas aonaid agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh oibríochtaí i réimsí an oideachais fhoirmiúil, na hoiliúna, na seirbhísí comhairleoireachta a bhaineann le fostaíocht, seirbhísí cúraim baile agus seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus do dhaoine gan dídean**

Ní bheidh feidhm ag na méideanna agus na coinníollacha sainithe maidir le cláir a shuigh a rogha costas simplithe shonrach féin nó a scéimeanna féin maidir le maoiniú nach bhfuil nasctha le costas i gcomhréir le hAirteagal 94(3) agus le hAirteagal 95(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, le haghaidh na gcineálacha ábhartha oibríochtaí.

## 1. OIBRÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE HOIDEACHAS FOIRMIÚIL A FHÉADFAR A CHUMHDACH LE HAISÍOCAÍOCHT AR BHONN COSTAS AONAID

### 1.1. Na cineálacha oibríochtaí

Oibríochtaí oideachais fhoirmiúil (ón oideachas luath-óige go dtí an leibhéal treasach, lena n-áirítear gairmoideachas foirmiúil).

### 1.2. Sainiú ar an táscaire lena spreagtar íocaíocht na gcostas aonaid

Ainm an táscaire: Rannpháirtí i mbliain acadúil d'oideachas foirmiúil

Aonad tomhais le haghaidh an táscaire: An líon rannpháirtithe ag a bhfuil stádas cláraithe deimhnithe i rith bliain acadúil d'oideachas foirmiúil, arna ndifreáil le haicmiú ISCED. Ciallaíonn clárú deimhnithe go bhfuil cruthúnas ar chlárú mic léinn in oideachas foirmiúil nó i gcúrsa oiliúna le deimhniú ag údaráis náisiúnta faoi dhó nó faoi thrí i rith na bliana acadúla, i gcomhréir le gnáthchleachtais agus nósanna imeachta gach Ballstáit.

Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas: http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/International_Standard_Classification_of_Education_(ISCED)

### 1.3. Méideanna (in EUR)

Leis na méideanna a shocraítear i dTáblaí 1a agus 1b thíos, cumhdaítear na costais incháilithe uile a bhaineann go díreach le soláthar chroí-earraí agus chroísheirbhísí an oideachais fhoirmiúil, lena n-áirítear táillí teagaisc, clárú, táillí scrúdaithe, turais scoile, costais cheaintín.

Maidir le catagóirí eile costas a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun an oibríocht a chur chun feidhme, amhail liúntais rannpháirtithe, iompar, cóiríocht nó cineálacha eile tacaíochta arna soláthar do rannpháirtithe, ní chumhdaítear iad leis an gcostas aonaid agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh costais incháilithe bhreise a bheith i gceist leo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, le rialacháin chistí-shonracha agus le rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht.

I gcás ina gcuireann an t-údarás bainistíochta nó an comhlacht idirmheánach atá i gceannas ar chur chun feidhme an chláir na costais aonaid sin i bhfeidhm chun ranníocaíocht an Aontais leis an gclár a bhunú le haghaidh oibríocht amháin a thagann faoin Rialachán seo, is éard a bheidh sna méideanna sin an méid a aisíocann an Coimisiún as aon oibríocht a bhaineann le hoideachas foirmiúil faoin gclár céanna le haghaidh tairbhí den chineál céanna. Ní bhaineann an srian seo le cláir eile atá á mbainistiú ag comhlachtaí idirmheánacha nó ag údaráis bhainistíochta éagsúla.

Baineann na méideanna le rannpháirtíocht lánaimseartha i mbliain acadúil.

I gcás rannpháirtíocht pháirtaimseartha, bunófar an méid ar bhonn *pro rata* a léiríonn rannpháirtíocht an mhic léinn. I gcás ina maireann an cúrsa níos lú na bliain acadúil amháin, bunófar an méid ar bhonn *pro rata* a léiríonn fad an chúrsa.

I gcás cúrsaí a mhaireann bliain acadúil iomlán amháin, féadfar na méideanna sin a aisíoc chuig an mBallstát ar an mbunús seo a leanas: 50 % le haghaidh an chéad chruthúnais ar chlárú i rith na bliana acadúla (de ghnáth ag tús na bliana acadúla, i gcomhréir leis na rialacha agus na cleachtais náisiúnta), 30 % le haghaidh an dara cruthúnas ar chlárú agus 20 % le haghaidh an tríú cruthúnas agus an chruthúnais deiridh ar chlárú. I gcás na mBallstát sin a ndéanann a gcórais náisiúnta foráil maidir leis an bhfaisnéis sin a bhailiú faoi dhó sa bhliain, nó i gcás cúrsaí a mhaireann níos lú ná bliain acadúil iomlán amháin, is é 50 % le haghaidh an chéad chruthúnais ar chlárú agus 50 % le haghaidh an dara cruthúnas ar chlárú agus an chruthúnais deiridh ar chlárú a bheidh i gceist.

Féadfaidh cúrsaí a bheith ar siúl ar an láthair, ar líne nó i bhformáid hibrideach, ach ní mór iad a dhéanamh i gcónaí agus an t-oiliúnóir agus na rannpháirtithe i láthair an tráth céanna.

D'fhonn na hiarrachtaí breise is gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír nó dídeanaithe a chur san áireamh ([1]), lena n-áirítear daoine a theith ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, leagtar amach luachanna sonracha i dTábla 1b le haghaidh oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar an spriocghrúpa sin. Féadfar na luachanna sin a úsáid in ionad na luachanna comhfhreagracha a leagtar amach i dTábla 1a. Ní luachanna carnacha iad agus ní féidir iad a úsáid in éineacht le Tábla 1a.

Tá feidhm ag na coinníollacha céanna le haghaidh aisíocaíochta maidir le luachanna a shocraítear i dTáblaí 1a agus 1b. Is é an t-aon difríocht amháin gur cheart an spriocghrúpa, critéir shonracha incháilitheachta agus rian iniúchóireachta a shocrú le haghaidh rannpháirtithe i gcomhréir le sainmhínithe agus cleachtais náisiúnta shonracha.

## 1.4. **Modh coigeartaithe**

Féadfar na costais aonaid agus na luachanna i dTábla 1a a choigeartú go huathoibríoch ar bhonn bliantúil trí Innéacs na gCostas Saothair don oideachas a chur i bhfeidhm ([2]). Is é $LCI_{Oideachas2021}$ (Innéacs na gCostas Saothair le haghaidh 2021) an bonninnéacs lena socraítear na luachanna i dTábla 1a. Beidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe darb innéacs bliain N maidir leis na hoibríochtaí uile lena mbaineann ón 1 Eanáir den bhliain N+ 1

Beidh an coigeartú bunaithe ar an bhfoirmle seo a leanas:

$$SCOCoigeartaithe = SCOBonn \times LCI_{Oideachas\ is\ déanaí}$$

Féadfar na costais aonaid a shocraítear i dTábla 1b a choigeartú go huathoibríoch trí na costais aonaid choigeartaithe i dTábla 1a a iolrú faoi fhachtóir 1,10.

([1]) Chun stádas náisiúnach tríú tír agus dídeanaithe a shainiú, tá feidhm ag na sainmhínithe thíos
EUR-Lex - 32011L0095 - GA - EUR-Lex (europa.eu)
ciallaíonn 'dídeanaí' náisiúnach tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó duine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo ar na cúiseanna sin a luaitear thuas agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach, filleadh ar an tír sin, sa chás gur duine é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 12 maidir leis;
ciallaíonn 'tír thionscnaimh' an tír nó na tíortha náisiúntachta nó, i gcás daoine gan stát, an tír nó na tíortha ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo.
EUR-Lex - 32021R1147 - GA - EUR-Lex (europa.eu)
ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' aon duine, lena n-áirítear duine gan stát nó duine a bhfuil náisiúntacht neamhchinntithe aige nó aici, nach saoránach den Aontas é nó í, mar a shainmhínítear in Airteagal 20(1) CFAE

([2]) *LC* – Innéacs costais saothair ag gníomhaíocht NACE Rev. 2 - luach ainmniúil, sonraí bliantúla [lc_lci_r2_a] NACE Rev. 2 (gníomhaíocht = P. Oideachas)

*Tábla 1a*

**Méideanna in aghaidh an rannpháirtí in oideachas foirmiúil (in EUR)**

le 'ní bhaineann le hábhar', tugtar le fios nach bhfuil aon sonraí le fáil don Bhallstát áirithe sin agus an leibhéal oideachais a thugtar.

Is é 2021 an bhliain tagartha don bhailiú sonraí seachas na réimsí le haghaidh FR agus NL inarb é 2019 an bhliain tagartha.

| | | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oideachas luath-óige** | **ED0** | 5 614 | ní bhaineann le hábhar | 2 649 | 2 133 | 3 704 | 9 655 | 10 912 | 5 179 | ní bhaineann le hábhar | 4 121 | 10 618 | 5 963 | 3 145 | 2 627 |
| **Forbairt oideachais luath-óige** | **ED01** | 4 848 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 357 | ní bhaineann le hábhar | 13 279 | 15 775 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 4 132 | 18 275 | ní bhaineann le hábhar | 3 152 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas réamh-bhunscoile** | **ED02** | 5 793 | 7 243 | 2 649 | 2 771 | 3 704 | 8 288 | 8 012 | ní bhaineann le hábhar | 2 994 | 4 117 | 8 872 | 5 963 | 3 145 | 3 275 |
| **Oideachas bunscoile** | **ED1** | 10 777 | 8 577 | 1 858 | 7 635 | 3 871 | 7 981 | 11 103 | 5 402 | 3 734 | 4 566 | 8 305 | 5 768 | 3 233 | 5 537 |
| **Oideachas bunscoile agus oideachas meánscoile íochtaraí (leibhéil 1 agus 2)** | **ED1_2** | 12 451 | 9 331 | 2 167 | 8 055 | 5 036 | 9 067 | 11 338 | 5 474 | 3 729 | 4 969 | 9 948 | 6 456 | 3 054 | 3 072 |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí** | **ED2** | 14 177 | 10 995 | 2 574 | 8 936 | 6 626 | 9 812 | 11 786 | 5 645 | 3 719 | 5 710 | 13 247 | 7 319 | 2 889 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí — ginearálta** | **ED24** | 13 332 | ní bhaineann le hábhar | 2 359 | 8 936 | 6 635 | 9 812 | 11 770 | 5 627 | 3 719 | 5 710 | 13 247 | 7 319 | 2 889 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí — gairmiúil** | **ED25** | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 5 134 | ní bhaineann le hábhar | 16 126 | 5 773 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 3 301 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí** | **ED3** | 13 111 | 11 124 | 2 033 | 9 844 | 5 773 | 9 895 | 9 831 | 4 060 | 3 229 | 6 400 | 7 867 | 9 583 | 3 306 | 3 359 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (leibhéil 3 agus 4)** | **ED3_4** | 12 791 | 11 124 | 2 030 | 9 844 | 5 664 | 8 769 | 9 831 | 4 234 | 2 665 | 6 400 | 7 867 | 9 522 | 3 411 | 3 359 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí — ginearálta** | **ED34** | 10 760 | 10 812 | 1 835 | 8 888 | 4 926 | 10 599 | 9 790 | 2 930 | 2 781 | 5 432 | 7 569 | 9 421 | 3 225 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — ginearálta (leibhéil 34 agus 44)** | **ED34_44** | 11 933 | 10 812 | 1 835 | 8 888 | 4 709 | 1 099 | 9 790 | 2 930 | 2 781 | 5 432 | 7 569 | 9 403 | 3 225 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí — gairmiúil** | **ED35** | 14 711 | 11 365 | 2 232 | 14 624 | 6 108 | 9 236 | 9 895 | 5 678 | 4 280 | 8 471 | 7 990 | 9 890 | 3 401 | 3 408 |

| | | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — gairmiúil (leibhéil 35 agus 45)** | **ED35_45** | 13 314 | 11 365 | 2 224 | 14 624 | 6 060 | 7 615 | 9 895 | 5 782 | 2 513 | 8 471 | 7 990 | 9 741 | 3 580 | 3 408 |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile** | **ED4** | 2 054 | ní bhaineann le hábhar | 354 | ní bhaineann le hábhar | 836 | 4 893 | ní bhaineann le hábhar | 6 276 | 333 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 6 688 | 4 242 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile** | **ED44** | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 653 | 10 323 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 6 437 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — gairmiúil** | **ED45** | 1 359 | ní bhaineann le hábhar | 354 | ní bhaineann le hábhar | 1 222 | 4 545 | ní bhaineann le hábhar | 6 276 | 333 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 6 748 | 4 242 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas treasach i dtimthriall gearr** | **ED5** | 14 857 | 10 474 | ní bhaineann le hábhar | 557 | 13 910 | 1 920 | 9 000 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 5 383 | 9 138 | 8 829 | 465 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas treasach (leibhéil 5-8)** | **ED5-8** | 15 483 | 9 376 | 2 627 | 2 900 | 4 784 | 6 806 | 9 173 | 3 790 | 1 144 | 4 029 | 8 590 | 6 739 | 2 828 | 3 929 |
| **Oideachas treasach seachas oideachas treasach i dtimthriall gearr (leibhéil 6-8)** | **ED6-8** | 15 596 | 9 338 | 2 627 | 3 178 | 4 756 | 6 817 | 9 195 | 3 790 | 1 144 | 3 665 | 8 590 | 6 105 | 2 926 | 3 353 |

| | | IE | IT | LV | LT | LU | MT | NL | PL | PT | RO | SI | SK | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oideachas luath-óige** | **ED0** | 7 707 | 5 346 | 3 824 | 3 807 | 17 293 | 6 240 | 7 161 | 2 767 | 3 286 | 1 805 | 5 173 | 3 445 | 13 449 |
| **Forbairt oideachais luath-óige** | **ED01** | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 3 794 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 3 746 | 6 171 | ní bhaineann le hábhar | 17 407 |
| **Oideachas réamh-bhunscoile** | **ED02** | 5 526 | 5 346 | 3 384 | 3 809 | 17 293 | 6 240 | 7 161 | 2 767 | 3 449 | 1 724 | 4 731 | 3 445 | 12 033 |
| **Oideachas bunscoile** | **ED1** | 7 404 | 6 110 | 3 600 | 3 577 | 17 158 | 6 132 | 7 936 | 3 754 | 5 229 | 1 169 | 5 570 | 4 148 | 10 677 |
| **Oideachas bunscoile agus oideachas meánscoile íochtaraí (leibhéil 1 agus 2)** | **ED1_2** | 7 507 | 6 282 | 3 621 | 3 563 | 17 931 | 7 502 | 9 053 | 3 753 | 5 801 | 1 770 | 6 000 | 3 919 | 10 642 |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí** | **ED2** | 7 788 | 6 552 | 3 664 | 3 553 | 19 256 | 10 281 | 10 712 | 3 749 | 6 782 | 2 543 | 7 006 | 3 713 | 10 564 |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí — ginearálta** | **ED24** | 8 324 | 6 552 | 3 660 | 3 532 | 19 256 | 10 230 | 9 426 | 3 749 | ní bhaineann le hábhar | 2 543 | 7 006 | 3 640 | 10 564 |

| | | IE | IT | LV | LT | LU | MT | NL | PL | PT | RO | SI | SK | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oideachas meánscoile íochtaraí — gairmiúil** | **ED25** | ní bhaineann le hábhar | 6 615 | 4 956 | 4 788 | ní bhaineann le hábhar | 16 143 | 14 131 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 6 970 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí** | **ED3** | 7 964 | 6 654 | 4 369 | 3 839 | 18 676 | 9 626 | 8 193 | 3 236 | 6 113 | 2 414 | 4 839 | 4 262 | 11 012 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (leibhéil 3 agus 4)** | **ED3_4** | 8 532 | 6 654 | 4 420 | 4 003 | 18 435 | 9 626 | 8 193 | 3 130 | 6 113 | 2 232 | 4 839 | 4 311 | 10 823 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí — ginearálta** | **ED34** | 8 496 | 5 946 | 3 935 | 3 495 | 16 939 | 10 104 | 8 997 | 2 848 | ní bhaineann le hábhar | 5 200 | 5 589 | 3 867 | 9 710 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — ginearálta (leibhéil 34 agus 44)** | **ED34_44** | 8 496 | ní bhaineann le hábhar | 3 935 | 3 495 | 16 939 | 10 100 | 8 997 | 2 848 | ní bhaineann le hábhar | 5 200 | 5 589 | 3 867 | 9 689 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí — gairmiúil** | **ED35** | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 5 016 | 4 813 | 19 760 | 8 312 | 7 781 | 3 537 | ní bhaineann le hábhar | 320 | 4 489 | 4 455 | 13 189 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — gairmiúil (leibhéil 35 agus 45)** | **ED35_45** | 4 192 | ní bhaineann le hábhar | 5 053 | 4 826 | 19 344 | 8 312 | 7 781 | 3 320 | ní bhaineann le hábhar | 416 | 4 489 | 4 515 | 12 633 |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile** | **ED4** | 15 476 | ní bhaineann le hábhar | 5 314 | 4 843 | 2 769 | 9 569 | 5 360 | 1 793 | ní bhaineann le hábhar | 838 | ní bhaineann le hábhar | 546 | 6 657 |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile** | **ED44** | 4 192 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 9 569 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 8 894 |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — gairmiúil** | **ED45** | 15 476 | ní bhaineann le hábhar | 5 314 | 4 843 | 2 769 | 8 624 | 5 360 | 1 793 | ní bhaineann le hábhar | 838 | ní bhaineann le hábhar | 5 457 | 5 353 |
| **Oideachas treasach i dtimthriall gearr** | **ED5** | ní bhaineann le hábhar | 2 771 | 3 637 | ní bhaineann le hábhar | 4 734 | 11 289 | 7 099 | 5 684 | 2 471 | ní bhaineann le hábhar | 2 378 | 4 999 | 6 205 |
| **Oideachas treasach (leibhéil 5-8)** | **ED5-8** | 6 298 | 2 528 | 2 750 | 2 495 | 23 639 | 12 754 | 6 750 | 3 356 | 2 993 | 3 517 | 6 835 | 3 484 | 10 356 |
| **Oideachas treasach seachas oideachas treasach i dtimthriall gearr (leibhéil 6–8)** | **ED6-8** | 7 315 | 2 526 | 2 609 | 2 495 | 26 424 | 12 907 | 6 745 | 3 356 | 2 967 | 3 517 | 7 468 | 3 460 | 10 788 |

*Tábla 1b*

**Méideanna in aghaidh an rannpháirtí in oideachas foirmiúil (in EUR) lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír nó dídeanaithe, lena n-áirítear daoine a theith ó fhogha na Rúise faoin Úcráin**

ní bhaineann le hábhar — níl aon sonraí le fáil don Bhallstát áirithe sin agus an leibhéal oideachais a thugtar.

| | | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oideachas luath-óige** | **ED0** | 6 175 | ní bhaineann le hábhar | 2 914 | 2 346 | 4 074 | 10 621 | 12 003 | 5 697 | ní bhaineann le hábhar | 4 533 | 11 680 | 6 559 | 3 459 | 2 890 |
| **Forbairt oideachais luath-óige** | **ED01** | 5 333 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 393 | ní bhaineann le hábhar | 14 607 | 17 352 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 4 545 | 20 103 | ní bhaineann le hábhar | 3 467 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas réamh-bhunscoile** | **ED02** | 6 372 | 7 967 | 2 914 | 3 048 | 4 276 | 9 116 | 8 814 | ní bhaineann le hábhar | 3 294 | 4 529 | 9 759 | 6 559 | 3 459 | 3 602 |
| **Oideachas bunscoile** | **ED1** | 11 854 | 9 435 | 2 044 | 8 398 | 4 259 | 8 779 | 12 213 | 5 942 | 4 108 | 5 023 | 9 135 | 6 345 | 3 556 | 6 091 |
| **Oideachas bunscoile agus oideachas meánscoile íochtaraí (leibhéil 1 agus 2)** | **ED1_2** | 13 696 | 10 264 | 2 384 | 8 860 | 5 540 | 9 974 | 12 472 | 6 021 | 4 102 | 5 466 | 10 943 | 7 102 | 3 360 | 3 379 |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí** | **ED2** | 15 594 | 12 095 | 2 832 | 9 830 | 7 288 | 10 794 | 12 965 | 6 210 | 4 091 | 6 281 | 14 571 | 8 051 | 3 177 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí — ginearálta** | **ED24** | 14 665 | ní bhaineann le hábhar | 2 595 | 9 830 | 7 298 | 10 794 | 12 947 | 6 189 | 4 091 | 6 281 | 14 571 | 8 051 | 3 177 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí — gairmiúil** | **ED25** | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 5 648 | ní bhaineann le hábhar | 17 739 | 6 350 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 3 631 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí** | **ED3** | 14 422 | 12 237 | 2 237 | 10 829 | 6 350 | 10 884 | 10 814 | 4 466 | 3 551 | 7 040 | 8 653 | 10 541 | 3 636 | 3 694 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (leibhéil 3 agus 4)** | **ED3_4** | 14 070 | 12 237 | 2 233 | 10 829 | 6 230 | 9 646 | 10 814 | 4 658 | 2 931 | 7 040 | 8 653 | 10 474 | 3 752 | 3 694 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí — ginearálta** | **ED34** | 11 836 | 11 893 | 2 019 | 9 776 | 5 419 | 11 659 | 10 769 | 3 223 | 3 059 | 5 975 | 8 326 | 10 363 | 3 547 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — ginearálta (leibhéil 34 agus 44)** | **ED34_44** | 13 126 | 11 893 | 2 019 | 9 776 | 5 180 | 1 209 | 10 769 | 3 223 | 3 059 | 5 975 | 8 326 | 10 343 | 3 547 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí — gairmiúil** | **ED35** | 16 182 | 12 501 | 2 455 | 16 086 | 6 719 | 10 159 | 10 885 | 6 246 | 4 708 | 9 318 | 8 789 | 10 879 | 3 741 | 3 748 |

| | | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — gairmiúil (leibhéil 35 agus 45)** | **ED35_45** | 14 645 | 12 501 | 2 446 | 16 086 | 6 666 | 8 376 | 10 885 | 6 360 | 2 764 | 9 318 | 8 789 | 10 715 | 3 938 | 3 748 |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile** | **ED4** | 2 259 | ní bhaineann le hábhar | 389 | ní bhaineann le hábhar | 919 | 5 382 | ní bhaineann le hábhar | 6 904 | 366 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 7 357 | 4 666 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile** | **ED44** | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 719 | 11 355 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 7 081 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — gairmiúil** | **ED45** | 1 495 | ní bhaineann le hábhar | 389 | ní bhaineann le hábhar | 1 345 | 5 000 | ní bhaineann le hábhar | 6 904 | 366 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 7 423 | 4 666 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas treasach i dtimthriall gearr** | **ED5** | 16 342 | 11 521 | ní bhaineann le hábhar | 613 | 15 301 | 2 112 | 9 900 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 5 922 | 10 052 | 9 712 | 511 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas treasach (leibhéil 5-8)** | **ED5-8** | 17 031 | 10 314 | 2 890 | 3 190 | 5 263 | 7 487 | 10 090 | 4 169 | 1 258 | 4 431 | 9 449 | 7 413 | 3 111 | 4 321 |
| **Oideachas treasach seachas oideachas treasach i dtimthriall gearr (leibhéil 6-8)** | **ED6-8** | 17 155 | 10 272 | 2 890 | 3 496 | 5 231 | 7 498 | 10 114 | 4 169 | 1 258 | 4 031 | 9 449 | 6 716 | 3 218 | 3 688 |

| | | IE | IT | LV | LT | LU | MT | NL | PL | PT | RO | SI | SK | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oideachas luath-óige** | **ED0** | 8 477 | 5 881 | 4 207 | 4 188 | 19 022 | 6 864 | 7 877 | 3 044 | 3 615 | 1 986 | 5 691 | 3 790 | 14 794 |
| **Forbairt oideachais luath-óige** | **ED01** | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 4 173 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 4 121 | 6 788 | ní bhaineann le hábhar | 19 147 |
| **Oideachas réamh-bhunscoile** | **ED02** | 6 079 | 5 881 | 3 723 | 4 190 | 19 022 | 6 864 | 7 877 | 3 044 | 3 794 | 1 897 | 5 204 | 3 790 | 13 236 |
| **Oideachas bunscoile** | **ED1** | 8 144 | 6 721 | 3 960 | 3 935 | 18 874 | 6 746 | 8 730 | 4 129 | 5 752 | 1 285 | 6 127 | 4 562 | 11 745 |
| **Oideachas bunscoile agus oideachas meánscoile íochtaraí (leibhéil 1 agus 2)** | **ED1_2** | 8 257 | 6 910 | 3 983 | 3 919 | 19 724 | 8 252 | 9 958 | 4 128 | 6 381 | 1 947 | 6 600 | 4 311 | 11 706 |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí** | **ED2** | 8 566 | 7 207 | 4 031 | 3 909 | 21 182 | 11 309 | 11 783 | 4 124 | 7 461 | 2 797 | 7 707 | 4 085 | 11 620 |
| **Oideachas meánscoile íochtaraí — ginearálta** | **ED24** | 9 156 | 7 207 | 4 026 | 3 885 | 21 182 | 11 253 | 10 369 | 4 124 | ní bhaineann le hábhar | 2 797 | 7 707 | 4 004 | 11 620 |

| | | IE | IT | LV | LT | LU | MT | NL | PL | PT | RO | SI | SK | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oideachas meánscoile íochtaraí — gairmiúil** | **ED25** | ní bhaineann le hábhar | 7 277 | 5 452 | 5 267 | ní bhaineann le hábhar | 17 758 | 15 544 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 7 667 | ní bhaineann le hábhar |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí** | **ED3** | 8 760 | 7 319 | 4 806 | 4 223 | 20 543 | 10 589 | 9 012 | 3 559 | 6 725 | 2 655 | 5 323 | 4 688 | 12 114 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (leibhéil 3 agus 4)** | **ED3_4** | 9 385 | 7 319 | 4 862 | 4 404 | 20 278 | 10 589 | 9 012 | 3 443 | 6 725 | 2 455 | 5 323 | 4 742 | 11 905 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí — ginearálta** | **ED34** | 9 345 | 6 540 | 4 329 | 3 844 | 18 633 | 11 115 | 9 897 | 3 133 | ní bhaineann le hábhar | 5 720 | 6 148 | 4 254 | 10 681 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — ginearálta (leibhéil 34 agus 44)** | **ED34_44** | 9 345 | ní bhaineann le hábhar | 4 329 | 3 844 | 18 633 | 11 110 | 9 897 | 3 133 | ní bhaineann le hábhar | 5 720 | 6 148 | 4 254 | 10 657 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí — gairmiúil** | **ED35** | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 5 517 | 5 295 | 21 736 | 9 143 | 8 559 | 3 891 | ní bhaineann le hábhar | 351 | 4 938 | 4 901 | 14 508 |
| **Oideachas meánscoile uachtaraí agus oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — gairmiúil (leibhéil 35 agus 45)** | **ED35_45** | 4 611 | ní bhaineann le hábhar | 5 558 | 5 309 | 21 279 | 9 143 | 8 559 | 3 652 | ní bhaineann le hábhar | 457 | 4 938 | 4 967 | 13 897 |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile** | **ED4** | 17 023 | ní bhaineann le hábhar | 5 845 | 5 327 | 3 046 | 10 526 | 5 896 | 1 972 | ní bhaineann le hábhar | 922 | ní bhaineann le hábhar | 601 | 7 323 |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile** | **ED44** | 4 611 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 10 526 | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | ní bhaineann le hábhar | 9 783 |
| **Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile — gairmiúil** | **ED45** | 17 023 | ní bhaineann le hábhar | 5 845 | 5 327 | 3 046 | 9 486 | 5 896 | 1 972 | ní bhaineann le hábhar | 922 | ní bhaineann le hábhar | 6 003 | 5 888 |
| **Oideachas treasach i dtimthriall gearr** | **ED5** | ní bhaineann le hábhar | 3 048 | 4 001 | ní bhaineann le hábhar | 5 207 | 12 417 | 7 809 | 6 253 | 2 718 | ní bhaineann le hábhar | 2 616 | 5 499 | 6 825 |
| **Oideachas treasach (leibhéil 5–8)** | **ED5-8** | 6 928 | 2 781 | 3 025 | 2 744 | 26 003 | 14 030 | 7 425 | 3 691 | 3 292 | 3 868 | 7 518 | 3 833 | 11 392 |
| **Oideachas treasach seachas oideachas treasach i dtimthriall gearr (leibhéil 6–8)** | **ED6-8** | 8 047 | 2 779 | 2 870 | 2 744 | 29 067 | 14 197 | 7 420 | 3 691 | 3 263 | 3 868 | 8 214 | 3 806 | 11 866 |

2. **OIBRÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE HOILIÚINT AR DHAOINE DÍFHOSTAITHE, AR CHUARDAITHEOIRÍ POIST NÓ AR DHAOINE NEAMHGHNÍOMHACHA ATÁ CLÁRAITHE.**

2.1. **Na cineálacha oibríochtaí**

Aon oibríocht a bhaineann le hoiliúint ar dhaoine dífhostaithe, ar chuardaitheoirí poist nó ar dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe. D'fhéadfadh na cúrsaí oiliúna a bheith bunaithe go príomha go hinstitiúideach nó sa lárionad oibre, ach caithfear iad a sheachadadh i bpáirt ar a laghad i suíomh institiúideach.

I gcás oiliúint institiúideach, féadfaidh cúrsaí a bheith ar siúl ar an láthair, ar líne nó i bhformáid hibrideach, ach ní mór iad a dhéanamh i gcónaí agus an t-oiliúnóir agus na rannpháirtithe i láthair an tráth céanna. Ní mór cúrsaí bunaithe sa lárionad oibre a bheith ar siúl ar an láthair i gcónaí.

2.2. **Sainiú ar an táscaire lena spreagtar íocaíocht na gcostas aonaid**

Ainm an táscaire: Rannpháirtithe ar éirigh leo cúrsa oiliúna a chur i gcrích.

Aonad tomhais le haghaidh an táscaire: An líon rannpháirtithe ar éirigh leo cúrsa oiliúna a chur i gcrích.

Measfar gur cúrsa 'a cuireadh i gcrích go rathúil' é cúrsa oiliúna i gcás ina bhfuil doiciméad ann a léiríonn gur cuireadh an cúrsa i gcrích i gcomhréir le rialacha nó cleachtais náisiúnta. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur deimhniú atá anseo arna eisiúint ag soláthraí na hoiliúna nó doiciméad coibhéiseach atá inghlactha faoi rialacha nó cleachtais náisiúnta.

I dtaca leis an gcoinníoll maidir le cúrsa oiliúna a chur i gcrích go rathúil, ní mheasfar é a bheith comhlíonta i gcás nach gcuireann rannpháirtí ach roinnt de na modúil laistigh de chúrsa oiliúna i gcrích go rathúil.

2.3. **Méideanna (in EURO)**

Leis na méideanna a shocraítear i dTáblaí 2a agus 2b thíos, cumhdaítear na costais incháilithe uile a bhaineann go díreach le soláthar cúrsaí oiliúna.

Maidir le catagóirí eile costas a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun an oibríocht a chur chun feidhme, amhail liúntais rannpháirtithe, iompar, cóiríocht nó cineálacha eile tacaíochta arna soláthar do rannpháirtithe, ní chumhdaítear iad leis an gcostas aonaid agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh costais incháilithe bhreise a bheith i gceist leo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, le rialacháin chistí-shonracha agus le rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht.

I gcás ina gcuireann an t-údarás bainistíochta nó an comhlacht idirmheánach atá i gceannas ar chur chun feidhme an chláir na costais aonaid sin i bhfeidhm chun ranníocaíocht an Aontais leis an gclár a bhunú le haghaidh oibríocht amháin a thagann faoin Rialachán seo, is éard a bheidh sna méideanna sin an méid a aisíocann an Coimisiún as aon oibríocht a bhaineann le hoiliúint ar dhaoine dífhostaithe, ar chuardaitheoirí poist nó ar dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe faoin gclár céanna arna bhainistiú ag an gcomhlacht céanna le haghaidh tairbhí den chineál céanna. Ní bhaineann an srian seo le cláir eile atá á mbainistiú ag comhlachtaí idirmheánacha nó ag údaráis bhainistíochta éagsúla.

D'fhonn na hiarrachtaí breise is gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír nó dídeanaithe a chur san áireamh ([3]), lena n-áirítear daoine a theith ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, leagtar amach luachanna sonracha i dTábla 2b le haghaidh oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar an spriocghrúpa sin. Féadfar na luachanna sin a úsáid in ionad na luachanna comhfhreagracha a leagtar amach i dTábla 2a. Ní luachanna carnacha iad agus ní féidir iad a úsáid in éineacht le Tábla 2a.

---

([3]) Chun stádas náisiúnach tríú tír agus dídeanaithe a shainiú, tá feidhm ag na sainmhínithe thíos
EUR-Lex - 32011L0095 - GA - EUR-Lex (europa.eu)
ciallaíonn 'dídeanaí' náisiúnach tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó duine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo ar na cúiseanna sin a luaitear thuas agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach, filleadh ar an tír sin, sa chás gur duine é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 12 maidir leis;
ciallaíonn 'tír thionscnaimh' an tír nó na tíortha náisiúntachta nó, i gcás daoine gan stát, an tír nó na tíortha ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo.
EUR-Lex - 32021R1147 - GA - EUR-Lex (europa.eu)
ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' aon duine, lena n-áirítear duine gan stát nó duine a bhfuil náisiúntacht neamhchinnithe aige nó aici, nach saoránach den Aontas é nó í, mar a shainmhínítear in Airteagal 20(1) CFAE

Tá feidhm ag na coinníollacha céanna le haghaidh aisíocaíochta maidir le luachanna a shocraítear i dTáblaí 2a agus 2b. Is é an t-aon difríocht amháin gur cheart an spriocghrúpa, critéir shonracha incháilitheachta agus rian iniúchóireachta a shocrú le haghaidh rannpháirtithe i gcomhréir le sainmhínithe, rialacha agus cleachtais náisiúnta shonracha.

I gcás na mBallstát sin a liostaítear i dTábla 5:

— déanfar na méideanna a luaitear i dTáblaí 2a agus 2b a iolrú faoin innéacs don Chlár réigiúnach ábhartha;

— i gcás ina gcumhdaítear níos mó ná réigiún amháin le cláir, beidh an méid atá le haisíoc i gcomhréir leis an réigiún ina gcuirtear an oibríocht nó an tionscadal chun feidhme.

## 2.4. **Modh coigeartaithe**

Féadfar an costas aonaid seo i dTábla 2a a choigeartú go huathoibríoch ar bhonn bliantúil trí Innéacs na gCostas Saothair don oideachas a chur i bhfeidhm [4]. Is é $LCI_{Oideachas2021}$ (Innéacs na gCostas Saothair le haghaidh 2021) an bonninnéacs a úsáideadh chun na luachanna i dTábla 2a a shocrú. Beidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe darb innéacs bliain N maidir leis na hoibríochtaí uile lena mbaineann ón 1 Eanáir den bhliain N+ 1

Beidh an coigeartú bunaithe ar an bhfoirmle seo a leanas: SCOCoigeartaithe = SCOBonn x $LCI_{Oideachas\ is\ déanaí}$

Féadfar na costais aonaid a shocraítear i dTábla 2b a choigeartú go huathoibríoch trí na costais aonaid choigeartaithe i dTábla 2a a iolrú faoi fhachtóir 1,10.

*Tábla 2a*

**Méideanna chun oiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe, ar chuardaitheoirí poist nó ar dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe (in EUR)**

Is é 2021 an bhliain tagartha seachas na réimsí a marcáiltear le *– is é 2019 an bhliain tagartha le haghaidh na réimsí sin.

| **Ballstát** | **AT** | **BE** | **BG** | **CY** | **CZ** | **DE** | **DK** | **EE** | **EL** | **ES** | **FI** | **FR*** | **HU** | **HR** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **EUR** | 2 944 | 3 635 | 1 143 | 3 133 | 838 | 7 757 | 6 344 | 1 052 | 2 193 | 2 870 | 6 141 | 6 512* | 2 464 | 831 |
| **Ballstát** | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL*** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **EUR** | 12 362 | 3 697 | 1 103 | 2 060 | 19 971 | 3 292 | 5 219* | 785 | 1 216 | 1 244 | 1 088 | 626 | 8 555 | |

*Tábla 2b*

**Méideanna chun oiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe, ar chuardaitheoirí poist nó ar dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe (in EUR) lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír nó dídeanaithe, lena n-áirítear daoine a theith ó fhogha na Rúise faoin Úcráin**

| **Ballstát** | **AT** | **BE** | **BG** | **CY** | **CZ** | **DE** | **DK** | **EE** | **EL** | **ES** | **FI** | **FR*** | **HU** | **HR** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **EUR** | 3 239 | 3 998 | 1 257 | 3 446 | 922 | 8 533 | 6 979 | 1 157 | 2 413 | 3 158 | 6 755 | 7 163* | 2 711 | 914 |
| **Ballstát** | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL*** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **EUR** | 13 598 | 4 067 | 1 213 | 2 266 | 21 968 | 3 621 | 5 741* | 863 | 1 338 | 1 368 | 1 197 | 689 | 9 411 | |

(4) *LC* – Innéacs costais saothair ag gníomhaíocht NACE Rev. 2 - luach ainmniúil, sonraí bliantúla [lc_lci_r2_a] NACE Rev. 2 (gníomhaíocht = P. Oideachas)

3. **OIBRÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE SOLÁTHAR OILIÚNA DO DHAOINE FOSTAITHE.**

3.1. **Na cineálacha oibríochtaí**

Aon oibríocht a bhaineann le gníomhaíochtaí oiliúna arb iad a bpríomhchuspóirí inniúlachtaí nua a fháil nó inniúlachtaí atá ann cheana a fhorbairt agus a fheabhsú, agus gníomhaíochtaí oiliúna a fhaigheann maoiniú ó fhiontair, go páirteach ar a laghad, dá bhfostaithe a bhfuil conradh oibre acu. Eisiatar printíseachtaí nó conarthaí oiliúna.

Féadfaidh cúrsaí oiliúna a bheith ar siúl ar an láthair, ar líne nó i bhformáid hibrideach, ach ní mór iad a dhéanamh i gcónaí agus an t-oiliúnóir agus na rannpháirtithe i láthair an tráth céanna.

3.2. **Sainiú ar na táscairí lena spreagtar íocaíocht na gcostas aonaid**

Ainm an táscaire:

1) Ráta in aghaidh na huaire le haghaidh oiliúint a chuirtear ar dhaoine fostaithe.

2) Ráta in aghaidh na huaire le haghaidh tuarastal a íoctar le fostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna.

Aonad tomhais le haghaidh an táscaire:

1) An líon uaireanta an chloig d'oiliúint a cuireadh i gcrích a soláthraíodh do dhaoine fostaithe in aghaidh an rannpháirtí.

2) An líon uaireanta an chloig de thuarastal a íocadh le fostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna.

Is gá an líon uaireanta an chloig a léiriú le córas bainistithe ama infhíoraithe i gcomhréir leis na cleachtais náisiúnta chaighdeánacha a nglactar leo.

3.3. **Méideanna (in EUR)**

Leis na méideanna a shocraítear i dTáblaí 3a agus 3b, cumhdaítear costais incháilithe uile na hoibríochta, lena n-áirítear na catagóirí costais seo a leanas:

— táillí agus íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oiliúna;

— taisteal agus liúntas le haghaidh rannpháirtithe a bhaineann le cúrsaí oiliúna;

— costais saothair oiliúnóirí inmheánacha le haghaidh cúrsaí oiliúna (costais dhíreacha agus indíreacha);

— costais le haghaidh ionad oiliúna, seomraí oiliúna agus ábhair theagaisc.

Tagraíonn an t-am a chaitear ar na cúrsaí oiliúna d'am oibre íoctha (in uaireanta an chloig) a chaitear ar chúrsaí oiliúna; ní chumhdaítear leis sin ach an t-am oiliúna iarbhír agus an t-am a chaitear le linn am oibre íoctha.

I gcás nach costas incháilithe é tuarastal an fhostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna, ní aisíocfar ach costas aonaid 1). I gcás ina meastar gur costas incháilithe é tuarastal an fhostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna, d'fhéadfaí an méid comhcheangailte ó chostais aonaid 1) agus 2) a aisíoc.

Mar a shainítear i Rialachán na bhForálacha Coiteanna, ba cheart critéir shonracha incháilitheachta agus ceanglais maidir le rian iniúchóireachta a shocrú i gcomhréir le sainmhínithe, rialacha agus cleachtais náisiúnta shonracha.

I gcás ina gcuireann an t-údarás bainistíochta nó an comhlacht idirmheánach atá i gceannas ar chur chun feidhme an chláir na costais aonaid sin i bhfeidhm chun ranníocaíocht an Aontais leis an gclár a bhunú le haghaidh oibríocht amháin a thagann faoin Rialachán seo, is éard a bheidh sna méideanna sin an méid a aisíocann an Coimisiún as aon oibríocht a bhaineann le soláthar oiliúna do dhaoine fostaithe faoin gclár céanna arna bhainistiú ag an gcomhlacht céanna le haghaidh tairbhí den chineál céanna. Ní bhaineann an srian seo le cláir eile atá á mbainistiú ag comhlachtaí idirmheánacha nó ag Údaráis Bhainistíochta éagsúla.

D'fhonn na hiarrachtaí breise is gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír nó dídeanaithe a chur san áireamh ([5]), lena n-áirítear daoine a theith ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, leagtar amach luachanna sonracha i dTábla 3b le haghaidh oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar an spriocghrúpa sin. Féadfar na luachanna sin a úsáid in ionad na luachanna comhfhreagracha a shocraítear i dTábla 3a. Ní luachanna carnacha iad agus ní féidir iad a úsáid in éineacht le Tábla 3a.

Tá feidhm ag na coinníollacha céanna le haghaidh aisíocaíochta maidir le luachanna a shocraítear i dTáblaí 3a agus 3b. Is é an t-aon difríocht amháin gur cheart an spriocghrúpa, critéir shonracha incháilitheachta agus rian iniúchóireachta a shocrú le haghaidh rannpháirtithe i gcomhréir le sainmhínithe agus cleachtais náisiúnta shonracha.

I gcás na mBallstát sin a liostaítear i dTábla 5:

— déanfar na méideanna a shocraítear i dTáblaí 3a agus 3b a iolrú faoin innéacs don Chlár Réigiúnach ábhartha;

— i gcás ina gcumhdaítear níos mó ná réigiún amháin le cláir, beidh an méid atá le haisíoc i gcomhréir leis an réigiún ina gcuirtear an oibríocht nó an tionscadal chun feidhme.

### 3.4. **Modh coigeartaithe**

Féadfar an costas aonaid a shocraítear i dTábla 3a a choigeartú go huathoibríoch ar bhonn bliantúil trí Innéacs na gCostas Saothair don oideachas ([6]) agus tríd an Innéacs Costais Saothair don Tacaíocht riaracháin a chur i bhfeidhm. Is é $LCI_{Oideachas2021}$ agus $LCI_{TacaíochtRiaracháin2021}$ - (Innéacs na gCostas Saothair le haghaidh 2021) an bonninnéacs a úsáideadh chun na luachanna i dTábla 3a a shocrú. Beidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe darb innéacs bliain N maidir leis na hoibríochtaí uile lena mbaineann ón 1 Eanáir den bhliain N+ 1.

1) I dtaca le coigeartú an ráta in aghaidh na huaire le haghaidh oiliúint ar dhaoine fostaithe, beidh sé bunaithe ar an bhfoirmle seo a leanas:

$$SCOCoigeartaithe = SCOBonn \times LCI_{Oideachas\ is\ déanaí}$$

2) I dtaca le coigeartú an ráta in aghaidh na huaire le haghaidh tuarastal fostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna, beidh sé bunaithe ar an bhfoirmle seo a leanas:

$$SCOCoigeartaithe = SCOBonn \times LCI_{TacaíochtRiaracháin\ is\ déanaí}$$

Féadfar na costais aonaid a leagtar amach i dTábla 3b a choigeartú go huathoibríoch trí na costais aonaid choigeartaithe i dTábla 3a a iolrú faoi fhachtóir 1,10.

([5]) Chun stádas náisiúnach tríú tír agus dídeanaithe a shainiú, tá feidhm ag na sainmhínithe thíos i gcomhréir le sainmhínithe náisiúnta sonracha
EUR-Lex - 32011L0095 - GA - EUR-Lex (europa.eu)
ciallaíonn 'dídeanaí' náisiúnach tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó duine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo ar na cúiseanna sin a luaitear thuas agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach, filleadh ar an tír sin, sa chás gur duine é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 12 maidir leis;
ciallaíonn 'tír thionscnaimh' an tír nó na tíortha náisiúntachta nó, i gcás daoine gan stát, an tír nó na tíortha ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo.
EUR-Lex - 32021R1147 - GA - EUR-Lex (europa.eu)
ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' aon duine, lena n-áirítear duine gan stát nó duine a bhfuil náisiúntacht neamhchinntithe aige nó aici, nach saoránach den Aontas é nó í, mar a shainmhínítear in Airteagal 20(1) CFAE

([6]) *LC* – Innéacs costais saothair ag gníomhaíocht NACE Rev. 2 - luach ainmniúil, sonraí bliantúla [lc_lci_r2_a] NACE Rev. 2 (gníomhaíocht = P. Oideachas)

*Tábla 3a*

**Méideanna chun oiliúint a chur ar dhaoine fostaithe (in EUR)**

Is é 2021 an bhliain tagartha seachas na réimsí a marcáiltear le *– is é 2019 an bhliain tagartha le haghaidh na réimsí sin.

| | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR* | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ráta in aghaidh na huaire – oiliúint ar dhaoine fostaithe (EUR)** | 44,84 | 25,63 | 8,75 | 21,37 | 13,52 | 40,60 | 44,31 | 19,19 | 19,16 | 18,98 | 42,36 | 37,93* | 21,16 | 12,42 |
| **Ráta in aghaidh na huaire le haghaidh tuarastal a íoctar le fostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna (EUR)** | 32,69 | 33,55 | 2,96 | 13,39 | 10,68 | 27,61 | 35,59 | 10,00 | 13,87 | 20,37 | 29,26 | 26,75* | 7,27 | 7,41 |
| | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL*** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **Ráta in aghaidh na huaire – oiliúint ar dhaoine fostaithe (EUR)** | 36,23 | 27,90 | 10,60 | 10,88 | 31,31 | 23,06 | 34,73* | 14,52 | 10,34 | 0,45 | 24,27 | 15,41 | 67,97 | |
| **Ráta in aghaidh na huaire le haghaidh tuarastal a íoctar le fostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna (EUR)** | 32,77 | 25,30 | 10,12 | 5,34 | 26,88 | 8,83 | 23,91* | 6,75 | 12,39 | 4,49 | 9,75 | 18,49 | 36,47 | |

*Tábla 3b*

**Méideanna chun oiliúint a chur ar dhaoine fostaithe (in EUR) lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír nó dídeanaithe, lena n-áirítear daoine a theith ó fhogha na Rúise faoin Úcráin**

| | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR* | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ráta in aghaidh na huaire – oiliúint ar dhaoine fostaithe (EUR)** | 49,32 | 28,20 | 9,63 | 23,51 | 14,87 | 44,66 | 48,75 | 21,10 | 21,07 | 20,88 | 46,60 | 41,72* | 23,27 | 13,67 |
| **Ráta in aghaidh na huaire le haghaidh tuarastal a íoctar le fostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna (EUR)** | 35,96 | 36,91 | 3,26 | 14,73 | 11,75 | 30,37 | 39,14 | 11,01 | 15,25 | 22,41 | 32,18 | 29,42* | 8,00 | 8,15 |
| | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL*** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **Ráta in aghaidh na huaire – oiliúint ar dhaoine fostaithe (EUR)** | 39,85 | 30,70 | 11,66 | 11,96 | 34,44 | 25,36 | 38,20* | 15,97 | 11,38 | 0,49 | 26,70 | 16,95 | 74,77 | |
| **Ráta in aghaidh na huaire le haghaidh tuarastal a íoctar le fostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna (EUR)** | 36,04 | 27,83 | 11,13 | 5,87 | 29,57 | 9,72 | 26,30* | 7,42 | 13,62 | 4,94 | 10,73 | 20,34 | 40,12 | |

4. **OIBRÍOCHT A BHAINEANN LE SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA A BHAINEANN LE FOSTAÍOCHT.**

4.1. **Na cineálacha oibríochtaí**

Aon oibríocht a bhaineann le soláthar seirbhísí comhairleoireachta a bhaineann le fostaíocht do dhaoine dífhostaithe, do chuardaitheoirí poist nó do dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe. Is féidir seirbhísí comhairleoireachta a bhaineann le fostaíocht a sholáthar duine le duine nó mar chuid de ghrúpa. Áirítear orthu na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí uile a dtugann an tseirbhís phoiblí fostaíochta fúthu agus seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí poiblí eile nó aon chomhlacht poiblí eile atá ar conradh faoi airgeadas poiblí, a éascaíonn comhtháthú daoine dífhostaithe agus cuardaitheoirí poist eile sa mhargadh saothair, nó a chuidíonn le fostóirí foireann a earcú agus a roghnú.

4.2. **Sainiú ar na táscairí lena spreagtar íocaíocht na gcostas aonaid**

Ainm an táscaire:

1) Ráta in aghaidh na huaire le haghaidh soláthar seirbhísí comhairleoireachta.

2) Ráta in aghaidh na míosa le haghaidh soláthar seirbhísí comhairleoireachta.

3) Ráta in aghaidh na bliana le haghaidh soláthar seirbhísí comhairleoireachta.

Aonad tomhais le haghaidh an táscaire:

— An líon uaireanta an chloig de sheirbhísí comhairleoireachta a soláthraíodh do dhaoine dífhostaithe, do chuardaitheoirí poist nó do dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe.

— An líon míonna de sheirbhísí comhairleoireachta a soláthraíodh do dhaoine dífhostaithe, do chuardaitheoirí poist nó do dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe.

— An líon blianta de sheirbhísí comhairleoireachta a soláthraíodh do dhaoine dífhostaithe, do chuardaitheoirí poist nó do dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe.

Is gá an líon uaireanta an chloig a léiriú le córas bainistithe ama infhíoraithe. Is gá an líon míonna nó blianta a léiriú i gcomhréir leis na gnáthchleachtais riaracháin náisiúnta le haghaidh clárú nó réasúnú ama den chineál sin.

Leis an gcostas aonaid, cumhdaítear soláthar na seirbhísí comhairleoireachta ar feadh 1 uair an chloig/1 mhí/1 bhliain gan beann ar an líon daoine a fhaigheann an tseirbhís.

Agus an ráta míosúil nó bliantúil á gcur i bhfeidhm i gcás soláthar páirtaimseartha, bunófar an méid ar bhonn *pro rata* an ráta mhíosúil nó bhliantúil.

Ba cheart critéir shonracha incháilitheachta agus an rian iniúchóireachta a shocrú i gcomhréir le sainmhínithe, rialacha agus cleachtais náisiúnta shonracha.

4.3. **Méideanna (in EUR)**

Leis na méideanna a shocraítear i dTáblaí 4a agus 4b, cumhdaítear costais incháilithe uile na hoibríochta (i.e costais foirne dhíreacha + ráta comhréidh 40 % chun na costais incháilithe eile uile a chumhdach), cé is moite de liúntais a íocfar le rannpháirtithe, liúntais a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, a bheith ina gcostais incháilithe bhreise i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, le Rialacháin Chiste-shonracha agus le rialacha náisiúnta incháilitheachta.

I gcás ina gcuireann an t-údarás bainistíochta nó an comhlacht idirmheánach atá i gceannas ar chur chun feidhme an chláir na costais aonaid sin i bhfeidhm chun ranníocaíocht an Aontais leis an gclár a bhunú le haghaidh oibríocht amháin a thagann faoin Rialachán seo, is éard a bheidh sna méideanna sin an méid a aisíocann an Coimisiún as aon oibríocht a bhaineann le soláthar seirbhísí comhairleoireachta a bhaineann le fostaíocht faoin gclár céanna arna bhainistiú ag an gcomhlacht céanna le haghaidh tairbhí den chineál céanna. Ní bhaineann an srian seo le cláir eile atá á mbainistiú ag comhlachtaí idirmheánacha nó ag údaráis bhainistíochta éagsúla.

D'fhonn na hiarrachtaí breise is gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír nó dídeanaithe a chur san áireamh (7), lena n-áirítear daoine a theith ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, leagtar amach luachanna sonracha i dTábla 4b le haghaidh oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar an spriocghrúpa sin. Féadfar na luachanna sin a úsáid in ionad na luachanna comhfhreagracha a shocraítear i dTábla 4a. Ní luachanna carnacha iad agus ní féidir iad a úsáid in éineacht le Tábla 4a.

Tá feidhm ag na coinníollacha céanna le haghaidh aisíocaíochta maidir le luachanna a shocraítear i dTáblaí 4a agus 4b. Is é an t-aon difríocht amháin gur cheart an spriocghrúpa, critéir shonracha incháilitheachta agus rian iniúchóireachta a shocrú le haghaidh rannpháirtithe i gcomhréir le sainmhínithe agus cleachtais náisiúnta shonracha.

I gcás na mBallstát sin a liostaítear i dTábla 5:

— déanfar na méideanna a luaitear i dTáblaí 4a agus 4b a iolrú faoin innéacs don Chlár réigiúnach ábhartha;

— i gcás ina gcumhdaítear níos mó ná réigiún amháin le cláir, beidh an méid atá le haisíoc i gcomhréir leis an réigiún ina gcuirtear an oibríocht nó an tionscadal chun feidhme.

## 4.4. **Modh coigeartaithe**

Féadfar an costas aonaid seo a choigeartú go huathoibríoch ar bhonn bliantúil trí Innéacs na gCostas Saothair don Riarachán Poiblí a chur i bhfeidhm. Is é $LCI_{\text{Riarachán Poiblí 2021}}$ - (Innéacs na gCostas Saothair le haghaidh 2021) an bonninnéacs a úsáideadh chun na luachanna i dTáblaí 4a agus 4b a shocrú. Beidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe darb innéacs bliain N maidir leis na hoibríochtaí uile lena mbaineann ón 1 Eanáir den bhliain N+ 1

— Ráta in aghaidh na huaire: SCO Coigeartaithe = BonnSCO x $LCI_{\text{Riarachán poiblí bhliain N}}$

LC – Innéacs costais saothair ag gníomhaíocht NACE Rev. 2 – luach ainmniúil, sonraí bliantúla [lc_lci_r2_a] NACE Rev. 2 (gníomhaíocht = O. Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach)

— Ráta míosúil: SCO Coigeartaithe = $_{\text{Ráta in aghaidh na huaire}}$ an SCO Coigeartaithe x Ti x 4,348121417

Ti – an meánlíon uaireanta a oibrítear in aghaidh na seachtaine d'fhostaíocht lánaimseartha sa tír lena mbaineann; 4,348121417 – an líon seachtainí oibre in aghaidh na míosa;

— Ráta bliantúil: SCO Coigeartaithe = $_{\text{Ráta míosúil}}$ an SCO Coigeartaithe x Ti x 52,177457

52,177457 – an líon seachtainí in aghaidh na bliana;

Féadfar na costais aonaid a shocraítear i dTábla 4b a choigeartú go huathoibríoch trí na costais aonaid choigeartaithe i dTábla 4a a iolrú faoi fhachtóir 1,10.

(7) Chun stádas náisiúnach tríú tír agus dídeanaithe a shainiú, tá feidhm ag na sainmhínithe thíos
EUR-Lex - 32011L0095 - GA - EUR-Lex (europa.eu)
ciallaíonn 'dídeanaí' náisiúnach tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó duine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo ar na cúiseanna sin a luaitear thuas agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach, filleadh ar an tír sin, sa chás gur duine é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 12 maidir leis;
ciallaíonn 'tír thionscnaimh' an tír nó na tíortha náisiúntachta nó, i gcás daoine gan stát, an tír nó na tíortha ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo.
EUR-Lex - 32021R1147 - GA - EUR-Lex (europa.eu)
ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' aon duine, lena n-áirítear duine gan stát nó duine a bhfuil náisiúntacht neamhchinnte aige nó aici, nach saoránach den Aontas é nó í, mar a shainmhínítear in Airteagal 20(1) CFAE

*Tábla 4a*

**Rátaí costais aonaid chun seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar (in EUR) - leibhéil praghsanna 2021**

| | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR* | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ráta in aghaidh na huaire (EUR)** | 48,30 | 46,74 | 7,36 | 34,64 | 17,51 | 54,69 | 62,57 | 24,43 | 23,60 | 23,59 | 51,47 | 53,77 | 22,24 | 13,18 |
| **Míosúil (EUR)** | 8 904 | 8 352 | 1 306 | 6 266 | 3 158 | 9 750 | 10 446 | 4 303 | 4 504 | 4 164 | 8 997 | 9 469 | 3 916 | 2 338 |
| **Ráta in aghaidh na bliana (EUR)** | 106 844 | 100 228 | 15 666 | 75 189 | 37 892 | 116 998 | 125 347 | 51 639 | 54 044 | 49 973 | 107 957 | 113 632 | 46 992 | 28 064 |
| | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL*** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **Ráta in aghaidh na huaire (EUR)** | 38,54 | 35,37 | 15,62 | 20,03 | 41,63 | 16,84 | 42,49 | 11,66 | 31,71 | 21,12 | 38,32 | 14,72 | 60,79 | |
| **Míosúil (EUR)** | 6 838 | 6 260 | 2 739 | 3 484 | 7 349 | 3 082 | 7 519 | 2 116 | 5 751 | 3 701 | 6 896 | 2 637 | 10 757 | |
| **Ráta in aghaidh na bliana (EUR)** | 82 053 | 75 120 | 32 861 | 41 791 | 88 195 | 36 984 | 90 235 | 25 387 | 69 011 | 44 403 | 82 757 | 31 634 | 129 094 | |

*Tábla 4b*

**Rátaí costais aonaid chun seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír nó dídeanaithe, lena n-áirítear daoine a theith ó fhogha na Rúise faoin Úcráin (in EUR) - leibhéil praghsanna 2021.**

| | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ráta in aghaidh na huaire (EUR)** | 53,13 | 51,42 | 8,10 | 38,10 | 19,26 | 60,16 | 68,82 | 26,88 | 25,95 | 25,95 | 56,62 | 59,15 | 24,46 | 14,50 |
| **Míosúil (EUR)** | 9 794 | 9 188 | 1 437 | 6 892 | 3 474 | 10 725 | 11 491 | 4 733 | 4 954 | 4 581 | 9 896 | 10 416 | 4 308 | 2 572 |
| **Ráta in aghaidh na bliana (EUR)** | 117 528 | 110 250 | 17 232 | 82 708 | 41 681 | 128 697 | 137 882 | 56 803 | 59 448 | 54 970 | 118 753 | 124 995 | 51 691 | 30 870 |
| | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **Ráta in aghaidh na huaire (EUR)** | 42,40 | 38,91 | 17,18 | 22,03 | 45,80 | 18,52 | 46,74 | 12,83 | 34,88 | 23,23 | 42,15 | 16,19 | 66,87 | |
| **Míosúil (EUR)** | 7 522 | 6 886 | 3 013 | 3 832 | 8 084 | 3 390 | 8 271 | 2 328 | 6 326 | 4 071 | 7 585 | 2 901 | 11 833 | |
| **Ráta in aghaidh na bliana (EUR)** | 90 258 | 82 632 | 36 148 | 45 970 | 97 014 | 40 682 | 99 259 | 27 925 | 75 912 | 48 844 | 91 033 | 34 798 | 142 004 | |

5. **AN TINNÉACS LE CUR I BHFEIDHM LE HAGHAIDH NA RÉIGIÚN ÉAGSÚIL IN AGHAIDH AN BHALLSTÁIT.**

*Tábla 5*

**An tInnéacs atá le cur i bhfeidhm maidir leis na méideanna le haghaidh na réigiún seo a leanas**

| | |
|---|---|
| **An Bheilg** | 1,00 |
| An Bhruiséil - Príomhchathair | 1,26 |
| Flóndras | 0,97 |
| An Vallúin | 0,91 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **An Fhrainc** | 1,00 | | |
| Île-de-France | 1,32 | An Acatáin | 0,87 |
| Champagne-Ardenne | 0,88 | Midi-Pyrénées | 0,91 |
| Picardie | 0,91 | Limousin | 0,84 |
| An Normainn Uachtarach | 0,96 | Rhône-Alpes | 0,97 |
| Centre | 0,89 | Auvergne | 0,86 |
| An Normainn Íochtarach | 0,86 | Languedoc-Roussillon | 0,84 |
| An Bhurgúin | 0,87 | Provence-Alpes-Côte d'Azur | 0,93 |
| Nord - Pas de Calais | 0,95 | An Chorsaic | 0,93 |
| An Lorráin | 0,90 | Guadalúip | 1,01 |
| An Alsáis | 0,97 | Martinique | 0,90 |
| Franche-Comté | 0,89 | Guáin na Fraince | 0,99 |
| Dúiche an Loire | 0,90 | La Réunion | 0,83 |
| An Bhriotáin | 0,86 | Mayotte | 0,64 |
| Poitou-Charentes | 0,83 | | |

| **An Ghearmáin** | 1,00 | | |
|---|---|---|---|
| Baden-Württemberg | 1,08 | An tSacsain Íochtarach | 0,93 |
| An Bhaváir | 1,05 | Nordrhein-Westfalen | 1,02 |
| Beirlín | 0,98 | Rheinland-Pfalz | 0,96 |
| Brandenburg | 0,82 | Saarland | 0,98 |
| Bremen | 1,06 | An tSacsain | 0,81 |
| Hamburg | 1,21 | An tSacsain-Anhalt | 0,82 |
| Hessen | 1,12 | Schleswig-Holstein | 0,87 |
| Mecklenburg-Vorpommern | 0,79 | Thüringen | 0,82 |

| **An Ghréig** | 1,00 | | |
|---|---|---|---|
| An Mhacadóin Thoir, an Tráicia | 0,81 | Mórthír na Gréige | 0,90 |
| An Mhacadóin Láir | 0,88 | An Pheilipinéis | 0,79 |
| An Mhacadóin Thiar | 1,12 | An Ataic | 1,23 |
| Epirus | 0,79 | Réigiún na Mara Aeigéiche Thuaidh | 0,90 |
| An Teasáil | 0,83 | Réigiún na Mara Aeigéiche Theas | 0,97 |
| Na hOileáin Iónacha | 0,82 | An Chréit | 0,83 |
| An Ghréig Thiar | 0,81 | | |

| **An Iodáil** | 1,00 | | |
|---|---|---|---|
| Píodmant | 1,04 | Marche | 0,90 |
| Valle d'Aosta | 1,00 | Lazio | 1,07 |
| Liguria | 1,01 | Abruzzo | 0,89 |
| An Lombaird | 1,16 | Molise | 0,82 |
| Cúige Féinrialathach Bolzano/Bozen | 1,15 | Campania | 0,84 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cúige Féinrialathach Trento | 1,04 | Puglia | 0,82 |
| Veneto | 1,03 | Basilicata | 0,86 |
| Friuli-Venezia Giulia | 1,08 | Calabria | 0,75 |
| Emilia-Romagna | 1,06 | An tSicil | 0,86 |
| An Tuscáin | 0,95 | Sardinia | 0,84 |
| Umbria | 0,87 | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **An Pholainn** | 1,00 | | |
| Łódzkie | 0,75 | Wielkopolskie | 1,16 |
| Mazowieckie | 1,26 | Zachodniopomorskie | 1,06 |
| Malopolskie | 1,05 | Lubuskie | 0,88 |
| Śląskie | 1,19 | Dolnośląskie | 1,22 |
| Lubelskie | 0,60 | Kujawsko-Pomorskie | 0,91 |
| Podkarpackie | 0,81 | Warminsko-Mazurskie | 0,83 |
| Świętokrzyskie | 0,63 | Pomorskie | 0,78 |
| Podlaskie | 0,73 | | |

| | |
|---|---|
| **An Phortaingéil** | 1,00 |
| An Tuaisceart | 0,86 |
| Algarve | 0,87 |
| An Lár | 0,84 |
| Limistéar Cathrach Liospóin | 1,33 |
| Alentejo | 0,91 |
| Na hAsóir | 0,91 |
| Maidéara | 0,95 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **An Spáinn** | 1,00 | | |
| An Ghailís | 0,88 | Extremadura | 0,84 |
| Asturias | 0,98 | An Chatalóin | 1,09 |
| Cantabria | 0,96 | Valencia | 0,91 |
| Tír na mBascach | 1,17 | Na hOileáin Bhailéaracha | 0,96 |
| Navarra | 1,07 | An Andalúis | 0,87 |
| Rioja | 0,92 | Murcia | 0,84 |
| Aragón | 0,98 | Ceuta | 1,07 |
| Maidrid | 1,18 | Melilla | 1,04 |
| An Chaistíl agus León | 0,91 | Na hOileáin Chanáracha | 0,91 |
| An Chaistíl-La Mancha | 0,88 | | |

6. **SEIRBHÍSÍ CÚRAIM BAILE AGUS SEIRBHÍSÍ CÚRAIM LAE POBALBHUNAITHE**

6.1. **Na cineálacha oibríochtaí**

Aon oibríocht a bhaineann le seirbhísí cúraim baile agus seirbhísí cúram lae pobalbhunaithe a sholáthar do dhaoine scothaosta, do dhaoine fásta faoi mhíchumas fisiciúil agus meabhrach, agus do leanaí faoi mhíchumas fisiciúil.

1. Is éard is seirbhísí cúraim baile ann seirbhísí a sheachadtar ag baile an ghlacadóra cúraim chun cuidiú leis na daoine sin nach féidir leo aire a thabhairt dóibh féin, de dheasca imthosca oibiachtúla, i nGnáthghníomhaíochtaí Laethúla, amhail folcadh, gléasadh agus ithe, nó i nGníomhaíochtaí Laethúla Spriocdhírithe, amhail ullmhú béilí, bainistiú airgid, siopadóireacht le haghaidh earraí grósaeireachta nó earraí pearsanta. Áirítear freisin le seirbhísí cúraim baile cúram altranais soghluaiste agus seirbhísí teiripeacha baile.

   Beidh na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe le haghaidh aisíocaíochta:

   a) cúnamh pearsanta baile;

   b) soláthar seirbhísí sláinteachais phearsanta;

   c) cúram faoisimh baile;

   d) seirbhísí teiripeacha baile agus seirbhísí athshlánaithe baile (i gcás daoine faoi míchumas fisiciúil amháin);

   e) tacaíocht cúraim altranais baile le haghaidh maireachtáil neamhspleách (seachas ceannach trealaimh);

   f) seirbhísí athshlánaithe shóisialta.

   Ceanglaítear ar na Ballstáit gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) ar a laghad a sholáthar go carnach, i.e. chun bheith in ann an caiteachas gaolmhar a éileamh bunaithe ar an gcostas aonaid.

2. Is minic a sholáthraítear seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe in ionaid cúraim lae – institiúidí ina soláthraítear seirbhísí cúraim shóisialta agus seirbhísí athshlánaithe shóisialta le linn an lae. Is struchtúir oscailte iad na hionaid cúraim lae le haghaidh fáilteachas agus cúram daoine nach bhfuil in ann aire iomlán a thabhairt dóibh féin, agus a mbíonn tinnis ainsealacha orthu de ghnáth. Cuireann siad ar a gcumas do rannpháirtithe a bheith ag sóisialú agus taitneamh as bhaint as gníomhaíochtaí pleanáilte i dtimpeallacht ghrúpa, agus cúram á fháil acu i dtimpeallacht struchtúrtha le linn uaireanta an lae.

   Beidh na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe le haghaidh aisíocaíochta:

   — cúram altranais;

   — cúram faoisimh;

   — seirbhísí forbartha scileanna feidhmiúla agus scileanna sóisialta;

   — gníomhaíochtaí grúpa a bhaineann le gníomhaíocht spreagtha mheabhraigh i ngrúpa agus cláir folláine.

   Ceanglaítear ar na Ballstáit an tacar iomlán de chineálacha gníomhaíochtaí a shocraítear thuas a sholáthar chun go mbeidh oibríochtaí na seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe incháilithe le haghaidh aisíocaíochta.

### 6.2. Sainiú ar an táscaire lena spreagtar íocaíocht na gcostas aonaid

Ainm an táscaire:

1. Soláthar seirbhísí cúraim baile
2. Seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe

Aonad tomhais le haghaidh an táscaire:

1. An líon uaireanta an chloig/laethanta/míonna/blianta rannpháirtithe i gcás na rannpháirtithe uile a fhaigheann seirbhísí cúraim baile
2. An líon uaireanta an chloig/laethanta/míonna/blianta rannpháirtithe i gcás na rannpháirtithe uile a fhaigheann seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe

### 6.3. Méideanna (in EUR)

Leis na méideanna a shocraítear i dTáblaí 6 agus 7, cumhdaítear costais incháilithe uile na hoibríochta [8].

Agus oibríocht aonair á ceapadh acu chun seirbhísí cúraim baile agus seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe a fhaigheann tacaíocht ó CSE+ a sholáthar, ní cheadaítear do na Ballstáit roghnú ón liosta de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach faoi phointí 6.1.1 agus 6.1.2. Ceanglaítear ar na Ballstáit an tacar iomlán de ghníomhaíochtaí caighdeánacha a leagtar amach faoi phointe 6.1.2 a sholáthar chun go mbeidh na hoibríochtaí seirbhíse cúraim lae pobalbhunaithe incháilithe le haghaidh aisíocaíochta, nó i gcás cúraim baile, ar a laghad na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de phointe 6.1.1 a sholáthar go carnach.

Na doiciméid is gá chun údar a thabhairt gur tharla na gníomhaíochtaí ábhartha, agus gur réadaíodh na haschuir uile arna n-éileamh, is doiciméid iad a cheanglaítear i gcomhréir le gnáthchleachtais agus gnáthnósanna imeachta gach Ballstáit. Ní mór do na húdaráis bhainistíochta an rian iniúchóireachta a shainiú go soiléir.

Samplaí de dhoiciméid réasúnaithe

---

[8] Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach an staidéar 'Roghanna costais simplithe agus Maoiniú nach bhfuil nasctha le costais i réimse an chuimsithe shóisialta agus na hóige': Catalóg na bhFoilseachán - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

I gcás seirbhísí cúraim baile:

— Conradh cúramóra, taifid ar fhéintuairisciú ó chúramóirí; measúnú cúramóirí arna dhéanamh ag dochtúir ginearálta ar dhuine a bhfuil seirbhísí cúraim baile á bhfáil aige nó aici nó ag seirbhísí sóisialta áitiúla agus/nó doiciméadacht choibhéiseach

— Ambhileoga gníomhaíochta cúramóirí (chun an ráta in aghaidh na huaire a úsáid) nó taifid bainistithe ama infhíoraithe eile

I gcás seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe:

— Taifid ar chlárú agus ar thinreamh na rannpháirtithe

— Ambhileoga gníomhaíochta oibrithe cúraim lae (chun an ráta in aghaidh na huaire a úsáid) nó taifid bainistithe ama infhíoraithe eile

I gcás ina gcuireann an t-údarás bainistíochta nó an comhlacht idirmheánach atá i gceannas ar chur chun feidhme an chláir na costais aonaid sin i bhfeidhm chun ranníocaíocht an Aontais leis an gclár a bhunú le haghaidh oibríocht amháin a thagann faoin Rialachán seo, is éard a bheidh sna méideanna sin an méid a aisíocann an Coimisiún as aon oibríocht a bhaineann le soláthar seirbhísí cúraim baile agus seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe faoin gclár céanna le haghaidh tairbhí den chineál céanna. Ní bhaineann an srian seo le cláir eile atá á mbainistiú ag comhlachtaí idirmheánacha nó ag údaráis bhainistíochta éagsúla.

6.4. **Modh coigeartaithe**

Féadfar luachanna costais aonaid le haghaidh an dá chineál seirbhísí cúraim a choigeartú go bliantúil ar bhonn Innéacs na gCostas Saothair (LCI) ó Eurostat don ghníomhaíocht eacnamaíoch 'seirbhísí shláinte an duine agus oibre sóisialta'. Beidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe darb innéacs bliain N maidir leis na hoibríochtaí uile lena mbaineann ón 1 Eanáir den bhliain N+ 1

An fhoirmle le haghaidh an choigeartaithe: Luach costais aonaid Ballstáit X * innéacs LCI Ballstáit X

*Tábla 6*

**Costais aonaid le haghaidh na seirbhísí cúraim baile - leibhéil praghsanna 2021**

| | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ráta in aghaidh na huaire — EUR** | 37,19 | 34,36 | 6,52 | 13,54 | 15,01 | 35,01 | 44,36 | 14,24 | 13,16 | 26,20 | 32,95 | 32,29 | 7,29 | 12,83 |
| **Ráta laethúil - EUR** (*) | 297 | 275 | 52 | 108 | 120 | 280 | 355 | 114 | 105 | 210 | 264 | 258 | 58 | 103 |
| **Ráta míosúil — EUR** (**) | 5 950 | 5 498 | 1 044 | 2 166 | 2 401 | 5 602 | 7 098 | 2 279 | 2 105 | 4 193 | 5 271 | 5 167 | 1 166 | 2 053 |
| **Ráta bliantúil (EUR)** (***) | 71 399 | 65 971 | 12 526 | 25 992 | 28 810 | 67 224 | 85 178 | 27 349 | 25 261 | 50 314 | 63 257 | 62 005 | 13 988 | 24 635 |
| | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **Ráta in aghaidh na huaire — EUR** | 36,10 | 31,86 | 10,66 | 10,66 | 47,19 | 18,59 | 40,56 | 10,98 | 15,11 | 11,20 | 20,55 | 13,81 | 36,10 | |
| **Ráta laethúil - EUR** (*) | 289 | 255 | 85 | 85 | 378 | 149 | 324 | 88 | 121 | 90 | 164 | 110 | 289 | |
| **Ráta míosúil - EUR** (**) | 5 776 | 5 097 | 1 705 | 1 705 | 7 551 | 2 975 | 6 489 | 1 757 | 2 418 | 1 792 | 3 288 | 2 209 | 5 776 | |
| **Ráta bliantúil (EUR)** (***) | 69 312 | 61 170 | 20 459 | 20 459 | 90 606 | 35 700 | 77 871 | 21 086 | 29 019 | 21 503 | 39 458 | 26 514 | 69 312 | |

(*) Bunaithe ar 8 n-uair an chloig de theagmháil
(**) Bunaithe ar 160 uair an chloig de theagmháil
(***) Bunaithe ar 1.720 uair an chloig de theagmháil

*Tábla 7*

**Costais aonaid le haghaidh na seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe - leibhéil praghsanna 2021**

| | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ráta in aghaidh na huaire — EUR** | 28,78 | 26,59 | 5,05 | 10,48 | 11,61 | 27,10 | 34,34 | 11,02 | 10,18 | 20,28 | 25,50 | 24,99 | 5,64 | 9,93 |
| **Ráta laethúil — EUR** (*) | 230 | 213 | 40 | 84 | 93 | 217 | 275 | 88 | 81 | 162 | 204 | 200 | 45 | 79 |
| **Ráta míosúil — EUR** (**) | 4 605 | 4 255 | 808 | 1 676 | 1 858 | 4 336 | 5 494 | 1 764 | 1 629 | 3 245 | 4 080 | 3 999 | 902 | 1 589 |
| **Ráta bliantúil (EUR)** (***) | 55 260 | 51 059 | 9 695 | 20 117 | 22 298 | 52 029 | 65 925 | 21 167 | 19 551 | 38 941 | 48 959 | 47 989 | 10 826 | 19 066 |
| | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **Ráta in aghaidh na huaire — EUR** | 27,94 | 24,66 | 8,25 | 8,25 | 36,52 | 14,39 | 31,39 | 8,50 | 11,70 | 8,67 | 15,91 | 10,69 | 27,94 | |
| **Ráta laethúil — EUR** (*) | 224 | 197 | 66 | 66 | 292 | 115 | 251 | 68 | 94 | 69 | 127 | 86 | 224 | |
| **Ráta míosúil — EUR** (**) | 4 470 | 3 945 | 1 320 | 1 320 | 5 844 | 2 303 | 5 022 | 1 360 | 1 872 | 1 387 | 2 545 | 1 710 | 4 470 | |
| **Ráta bliantúil (EUR)** (***) | 53 645 | 47 343 | 15 835 | 15 835 | 70 126 | 27 630 | 60 269 | 16 320 | 22 460 | 16 643 | 30 539 | 20 521 | 53 645 | |

(*) Bunaithe ar 8 n-uair an chloig de theagmháil
(**) Bunaithe ar 160 uair an chloig de theagmháil
(***) Bunaithe ar 1.720 uair an chloig de theagmháil

7. **Maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh oibríochtaí lena dtugtar tacaíocht do sheirbhísí le haghaidh íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh (agus a leanaí) agus le haghaidh daoine gan dídean**

7.1. **Na cineálacha oibríochtaí**

Áirítear ar na hoibríochtaí a chumhdaítear leis an maoiniú nach bhfuil nasctha le réiteach costas sa mhodúl seirbhíse seo seirbhísí le haghaidh íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus daoine atá thíos leis an easpa dídine go gearrthéarmach nó go fadtéarmach, ar seirbhísí iad arna soláthar mar phacáiste seirbhíse:

— Seirbhísí cónaithe, amhail cóiríocht éigeandála don rannpháirtí; agus

— Seirbhísí neamhchónaithe, amhail comhairleoireacht agus idirghabháil trí obair shóisialta leis an rannpháirtí.

7.2. **Tuairisc ar choinníollacha atá le comhlíonadh nó ar thorthaí atá le baint amach le hamlíne**

Tá scaoileadh na gcistí nasctha le comhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas:

1. Soláthar fíoraithe seirbhísí cónaithe agus/nó neamhchónaithe le haghaidh cohórt réamhshainithe rannpháirtithe de mhéid seasta, atá le socrú go soiléir ag gach Ballstát sa ghlao ar oibríochtaí.

I measc na gcistí arna scaoileadh freisin, tá íocaíochtaí chun na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

2. Daoine gan dídean agus íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus a leanaí ag bogadh ó chóiríocht éigeandála nó shealadach go cóiríocht tithíochta traidisiúnta atá ar cháilíocht leordhóthanach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de agus a cuireadh in oiriúint don struchtúr teaghlaigh sonrach le tionóntachtaí ([9]) fadtéarmacha.

([9]) Sainítear fadtéarmach mar bhliain amháin agus níos mó (de réir ETHOS — Tipeolaíocht Eorpach um Easpa Dídine agus Eisiamh Tithíochta)

7.3. **Sainiú ar an táscaire**

a) ***lena spreagtar íocaíocht an chostais aonaid chun seirbhísí a sholáthar***

Ainm an táscaire: Uair an chloig amháin/lá amháin/mí amháin/bliain amháin de sheirbhísí incháilithe a sholáthar do chohórt rannpháirtithe de mhéid seasta, arna réamhshainiú ag an údarás bainistíochta.

Aonad tomhais le haghaidh an táscaire: An líon uaireanta an chloig/laethanta/míonna/blianta seirbhíse a caitheadh i mbun seirbhísí incháilithe a sholáthar do chohórt rannpháirtithe de mhéid seasta, arna réamhshainiú ag an údarás bainistíochta.

b) ***lena spreagtar aisíocaíocht torthaí rathúla***

Ainm an táscaire:

1. Athrú dearfach ar stádas tithíochta le haghaidh rannpháirtí a fhaigheann seirbhísí incháilithe ([10]).
2. Toradh marthanach i dtithíocht le haghaidh rannpháirtí a fhaigheann seirbhísí incháilithe.

Aonad tomhais le haghaidh an táscaire:

1. An líon daoine gan dídean agus íospartach foréigin teaghlaigh ag bogadh isteach i gcóiríocht tithíochta traidisiúnta atá ar cháilíocht leordhóthanach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de agus a cuireadh in oiriúint don struchtúr teaghlaigh sonrach le tionóntacht fhadtéarmach.
2. An líon daoine gan dídean agus íospartach foréigin teaghlaigh ar éirigh leo, tar éis dóibh bogadh isteach go rathúil i gcóiríocht tithíochta traidisiúnta atá ar cháilíocht leordhóthanach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de agus a cuireadh in oiriúint don struchtúr teaghlaigh sonrach le tionóntacht fhadtéarmach, an toradh sin a chothú ar feadh tréimhse shocraithe.

1. ***Táirgí insoláthartha idirmheánacha lena spreagtar aisíocaíocht ar thorthaí marthanacha i dtithíocht (b)*** ([11])

1. An líon iontrálacha a baineadh amach maidir le tithíocht bhuan.
2. An líon aistrithe leanúnacha chuig cóiríocht tithíochta traidisiúnta atá ar cháilíocht leordhóthanach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de agus a cuireadh in oiriúint don struchtúr teaghlaigh sonrach le tionóntacht fhadtéarmach ar feadh 3 mhí tar éis iontrála.
3. An líon aistrithe leanúnacha chuig cóiríocht tithíochta traidisiúnta atá ar cháilíocht leordhóthanach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de agus a cuireadh in oiriúint don struchtúr teaghlaigh sonrach le tionóntacht fhadtéarmach ar feadh 6 mhí tar éis iontrála.
4. An líon aistrithe leanúnacha chuig cóiríocht tithíochta traidisiúnta atá ar cháilíocht leordhóthanach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de agus a cuireadh in oiriúint don struchtúr teaghlaigh sonrach le tionóntacht fhadtéarmach ar feadh 12 mhí tar éis iontrála.
5. An líon aistrithe leanúnacha chuig cóiríocht tithíochta traidisiúnta atá ar cháilíocht leordhóthanach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de agus a cuireadh in oiriúint don struchtúr teaghlaigh sonrach le tionóntacht fhadtéarmach ar feadh 18 mí tar éis iontrála.

Leis na luachanna a shainítear i dTáblaí 8 agus 9, cumhdaítear costais incháilithe uile na hoibríochta.

Na doiciméid is gá chun údar a thabhairt gur tharla na gníomhaíochtaí ábhartha, agus gur réadaíodh na torthaí uile arna n-éileamh, is doiciméid iad a cheanglaítear i gcomhréir le gnáthchleachtais agus gnáthnósanna imeachta gach Ballstáit. Ní mór do na húdaráis bhainistíochta an rian iniúchóireachta a shainiú go soiléir.

([10]) Is é is athrú dearfach ar stádas tithíochta ann bogadh ó chóiríocht éigeandála/shealadach go cóiríocht tithíochta traidisiúnta atá ar cháilíocht leordhóthanach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de agus a cuireadh in oiriúint don struchtúr teaghlaigh sonrach le tionóntachtaí fadtéarmacha

([11]) Is garspriocanna carnacha iad na táirgí insoláthartha sin agus féadfar a gcostas aonaid gaolmhar a éileamh le haghaidh gach garsprice (i.e. 3, 6, 12, 18 mí), a luaithe a bhainfear amach í.

Samplaí de na doiciméid réasúnaithe a bhfuil gá leo:

I gcás seirbhísí a sholáthraítear d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus dá leanaí:

— Litir ó abhcóide an fhoréigin teaghlaigh, ó ghníomhaireacht seirbhíse sóisialta, ó sholáthraí cóiríochta éigeandála nó ó sholáthraí cúnaimh leighis ar an gceann litreach, nó doiciméadacht tacaíochta eile, amhail tuarascáil ó na póilíní, ordú sriantach nó doiciméid chomhchosúla, tuarascáil liachta ar ghortuithe chun údar a thabhairt le hincháilitheacht an rannpháirtí.

— Comhad an rannpháirtí aonair ina bhfuil dáta iontrála na hoibríochta, ainm an oibrí shóisialta/an chomhairleora (nó foireann den chineál céanna) sa chóiríocht éigeandála, sonraí faoi na seirbhísí a cuireadh ar fáil, arna shíniú ag an rannpháirtí agus arna chomhshíniú ag an mball foirne freagrach.

I gcás seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine gan dídean:

— Litir nó doiciméadacht de chineál eile (amhail ordú díshealbhaithe ón gcúirt, litir ó roinn áitiúil dóiteáin nó póilíneachta, ó chuideachta árachais, ó sheantiarna talún) arna síniú ag oibrí for-rochtana nó ag oibrí seirbhíse ó eagraíocht atá in ann a fhíorú go bhfuil an duine atá i gceist gan dídean, i ndáiríre, nó ráiteas i scríbhinn arna ullmhú ag an rannpháirtí faoi áit chónaithe an rannpháirtí roimhe sin (mura bhfuiltear in ann é a fhíorú ag oibrí for-rochtana nó ag oibrí seirbhíse).

— Comhad an rannpháirtí aonair ina bhfuil dáta iontrála na hoibríochta, ainm an oibrí shóisialta/an chomhairleora (nó foireann den chineál céanna) sa chóiríocht éigeandála, sonraí faoi na seirbhísí a cuireadh ar fáil, arna shíniú ag an rannpháirtí agus arna chomhshíniú ag an mball foirne freagrach.

I gcás íocaíochtaí atá bunaithe ar thorthaí a sholáthraítear d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus/nó do dhaoine gan dídean:

— Cóip de chomhaontuithe tionóntachta na buanchóiríochta lena n-áirítear léiriú soiléir ar dháta tosaigh agus dáta deiridh na tionóntachta sin (atá le síniú ag an rannpháirtí agus le comhshíniú ag an ngníomhaireacht tithíochta nó a coibhéis).

I gcás ina gcuireann an t-údarás bainistíochta nó an comhlacht idirmheánach atá i gceannas ar chur chun feidhme an chláir na costais aonaid sin i bhfeidhm chun ranníocaíocht an Aontais leis an gclár a bhunú le haghaidh oibríocht amháin a thagann faoin Rialachán seo, is éard a bheidh sna méideanna sin an méid a aisíocann an Coimisiún as aon oibríocht lena dtugtar tacaíocht do sheirbhísí le haghaidh íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh (agus a leanaí) agus le haghaidh daoine gan dídean faoin gclár céanna le haghaidh tairbhí den chineál céanna. Ní bhaineann an srian seo le cláir eile atá á mbainistiú ag comhlachtaí idirmheánacha nó ag údaráis bhainistíochta éagsúla.

### 7.4. Modh coigeartaithe

Na méideanna a ríomhtar chun **seirbhísí a sholáthar** (Tábla 8), féadfar iad a choigeartú go bliantúil bunaithe ar chostais saothair Eurostat agus ar bhoilsciú ICPT ar sheirbhísí agus ar chostais chóiríochta. Beidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe darb innéacs bliain N maidir leis na hoibríochtaí uile lena mbaineann ón 1 Eanáir den bhliain N+ 1.

An fhoirmle le haghaidh an choigeartaithe: Luach aonaid le haghaidh Bhallstát X * Innéacs comhcheangailte LCI agus ICPT le haghaidh Bhallstát X

Na méideanna a ríomhtar le haghaidh **íocaíochtaí atá bunaithe ar thorthaí** (Tábla 9), féadfar iad a choigeartú go bliantúil bunaithe ar bhoilsciú ICPT ar sheirbhísí agus ar chostais chóiríochta. Beidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe darb innéacs bliain N maidir leis na hoibríochtaí uile lena mbaineann ón 1 Eanáir den bhliain N+ 1

An fhoirmle le haghaidh an choigeartaithe: Luach aonaid le haghaidh Bhallstát X * Innéacs ICPT le haghaidh Bhallstát X

*Tábla 8*

**Luachanna aonaid chun seirbhísí a sholáthar laistigh den mhodúl 'Géarchéimeanna agus éigeandálaí'** ([12]) **— leibhéil praghsanna 2021**

| | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ráta in aghaidh na huaire — EUR** | 57,90 | 55,81 | 24,96 | 43,47 | 38,59 | 56,73 | 62,22 | 37,45 | 37,75 | 44,62 | 56,31 | 52,80 | 31,66 | 31,17 |
| **Ráta laethúil — EUR** (*) | 463 | 447 | 200 | 348 | 309 | 454 | 498 | 300 | 302 | 357 | 450 | 422 | 253 | 249 |
| **Ráta míosúil — EUR** (**) | 9 264 | 8 930 | 3 994 | 6 955 | 6 175 | 9 077 | 9 955 | 5 991 | 6 040 | 7 139 | 9 010 | 8 447 | 5 065 | 4 988 |
| | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **Ráta in aghaidh na huaire — EUR** | 64,66 | 48,27 | 33,65 | 37,07 | 85,48 | 41,87 | 57,77 | 32,83 | 39,99 | 29,52 | 40,27 | 35,84 | 58,60 | |
| **Ráta laethúil — EUR** (*) | 517 | 386 | 269 | 297 | 684 | 335 | 462 | 263 | 320 | 236 | 322 | 287 | 469 | |
| **Ráta míosúil — EUR** (**) | 10 346 | 7 722 | 5 384 | 5 931 | 13 676 | 6 699 | 9 244 | 5 253 | 6 398 | 4 723 | 6 443 | 5 735 | 9 376 | |

(*) Bunaithe ar 8 n-uair an chloig de sheirbhís
(**) Bunaithe ar 160 uair an chloig de sheirbhís

*Tábla 9*

**Maoiniú torthaí trí chnapshuimeanna seasta le haghaidh an mhodúil seirbhíse 'Géarchéimeanna agus éigeandálaí'** ([13]) **— leibhéil praghsanna 2021**

| | AT | BE | BG | CY | CZ | DE | DK | EE | EL | ES | FI | FR | HU | HR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iontráil i gcóiríocht — EUR (a)** | 611 | 589 | 263 | 458 | 407 | 598 | 656 | 395 | 398 | 470 | 594 | 557 | 334 | 329 |
| **Cóiríocht leanúnach ar feadh 3, 6, 12, 18 mí — EUR (b)** | 1 832 | 1 766 | 790 | 1 375 | 1 221 | 1 795 | 1 968 | 1 185 | 1 194 | 1 411 | 1 781 | 1 670 | 1 001 | 986 |
| | **IE** | **IT** | **LV** | **LT** | **LU** | **MT** | **NL** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **SE** | |
| **Iontráil i gcóiríocht — EUR (a)** | 682 | 509 | 355 | 391 | 901 | 441 | 609 | 346 | 422 | 311 | 425 | 378 | 618 | |
| **Cóiríocht leanúnach ar feadh 3, 6, 12, 18 mí — EUR (b)** | 2 045 | 1 527 | 1 065 | 1 173 | 2 704 | 1 324 | 1 828 | 1 039 | 1 265 | 934 | 1 274 | 1 134 | 1 854 | |

([12]) Is méideanna socraithe iad seo le haghaidh sheachadadh foriomlán na seirbhíse do chohórt rannpháirtithe de mhéid seasta. Na méideanna sin, ní méideanna iad in aghaidh an rannpháirtí aonair.
([13]) Eisíoctar na méideanna in aghaidh an rannpháirtí aonair a bhfuil an toradh rathúil á bhaint amach aige